Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**12552/21**

**COH 52**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12149/21 |
| Ábhar: | Tuarascáil ón gCoimisiún dar teideal *EU Border Regions: Living labs of European integration* [Réigiúin teorann an Aontais: Saotharlanna beo na lánpháirtíochta Eorpaí]<br>- Conclúidí ón gComhairle (5 Deireadh Fómhair 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún dar teideal *EU Border Regions: Living labs of European integration* [Réigiúin Teorann an Aontais: Saotharlanna beo na lánpháirtíochta Eorpaí] arna nglacadh ag an gComhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) ag an 3814ú cruinniú a bhí aici
an 5 Deireadh Fómhair 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún dar teideal *EU Border Regions: Living labs of European integration* [Réigiúin Teorann an Aontais: Saotharlanna beo na lánpháirtíochta Eorpaí]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil dar teideal *EU Border Regions: Living labs of European integration* [Réigiúin teorann an Aontais: Saotharlanna beo na lánpháirtíochta Eorpaí];

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur obair leantach í an Tuarascáil seo ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach *Boosting Growth and Cohesion in EU Border Regions* [Borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcomhtháthú i réigiúin teorann an Aontais][1];

(3) ADMHAÍONN SÍ gur léiríodh le paindéim COVID-19 a idirspleáiche atá Ballstáit agus réigiúin an Aontais agus AITHNÍONN SÍ gurb iad na réigiúin teorann a ndearnadh difear díréireach dóibh i gcomparáid le réigiúin eile;

(4) TAGANN SÍ le dearcadh an Choimisiúin go gcuireann réigiúin teorann talún, idir réigiúin teorann talún agus réigiúin teorann mhuirí, breisluach suntasach leis an Aontas agus gur féidir féachaint orthu mar láthair thástála le haghaidh réitigh nuálacha;

(5) IS DÍOL SÁSAIMH DI, ar an gcéad dul síos, go ndírítear sa Tuarascáil ar thionchar ghéarchéim COVID-19 ar réigiúin teorann an Aontais; agus ar an dara dul síos, go ndírítear ar an athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a fógraíodh i bplean gníomhaíochta i dTeachtaireacht 2017 agus, ar an tríú dul síos, go bhféachtar arís ar phlean gníomhaíochta 2017 chun a éifeachtacht a mhéadú agus é a oiriúnú do réaltachtaí nua;

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa *Boosting growth and cohesion in EU border regions* [Borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcomhtháthú i réigiúin teorann an Aontais] – COM(2017) 534 final, 20.9.2017.

(6) IS DÍOL SÁSAIMH DI an méid a baineadh amach le plean gníomhaíochta 10 bpointe 2017 go háirithe:

- an tionscnamh *b-solutions* a chuir an Coimisiún ar bun chun tacaíocht dhlíthiúil a chur ar fáil d'údaráis phoiblí i réigiúin teorann, i gcás inar gá;
- 'Líonra an Phointe Fócais Teorann' a bhunú, ardán ar líne chun dea-chleachtais a chomhroinnt;
- Na forbairtí a rinneadh i gcúram sláinte trasteorann, go háirithe ó thaobh tuiscint a fháil ar acmhainneacht na réigiún teorann, ar bhreisluach réigiúin teorann an Aontais agus ar na dúshláin choiteanna athfhillteacha atá rompu;
- An dul chun cinn atá déanta maidir le naisc nua iompair phoiblí trasteorann a fhorbairt;

(7) TACAÍONN SÍ leis na tograí ón gCoimisiún maidir le plean gníomhaíochta 2017 a athdhíriú ar na ceithre chnuasach seo a leanas:

- Athléimneacht tríd an gcomhar institiúideach níos doimhne;
- Níos mó seirbhísí poiblí trasteorann ar chaighdeán níos fearr;
- Margaí saothair trasteorann bríomhara;
- Réigiúin teorann don Chomhaontú Glas don Eoraip;

(8) TARRAINGÍONN SÍ AIRD, go háirithe, ar an méid seo a leanas:

- go bhfuil úsáid á baint as réitigh nuálacha shonracha i roinnt réimsí beartais cheana féin;
- tá roinnt uirlisí iltaobhacha agus déthaobhacha de chuid an Aontais ar fáil cheana féin le haghaidh an chomhair trasteorann, mar shampla, an ghrúpáil Eorpach um chomhar críochach;
- Is féidir tacaíocht airgeadais a thabhairt don chuid is mó de na tograí ón gCoimisiún feadh theorainneacha inmheánacha agus seachtracha uile an Aontais a bhuí leis an nglúin nua de chláir comhair Interreg, lena n-áirítear cláir comhair trasteorann faoi Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, agus is féidir tacaíocht a thabhairt do roinnt díobh chomh maith faoi chláir comhair trasteorann na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta;
- Leis an gcuspóir Interreg-shonrach nua maidir le *rialachas comhair níos fearr*, cuirtear le hacmhainneacht chláir comhair trasteorann Interreg dul i ngleic le constaicí teorann sonracha ar bhealach gníomhach;

(9) TAGANN SÍ leis an dearcadh gur deis amháin eile atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip chun réitigh nuálacha a fheabhsú agus a thástáil ag réigiúin teorann an Aontais;

(10) MEASANN SÍ go bhfuil ról lárnach ag an gcomhar críochach, de gach cineál, maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais Eorpaigh a neartú;

(11) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach faoi chláir Interreg amháin a thagann an fhreagracht a bhaineann leis an gcomhar críochach toisc gur féidir leis tairbhiú, i measc nithe eile, den tiomantas polaitiúil laistigh de straitéisí ábhartha macrairéigiúnacha agus imchuach farraige agus de ghníomhaíochtaí comhair arna ngníomhachtú le cláir phríomhshrutha chomhtháthaithe na réigiún trasteorann;

(12) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- leanúint de bheith ag féachaint ar bhealaí chun borradh a chur faoi acmhainneacht réigiúin an Aontais, idir réigiúin teorann talún agus réigiúin teorann mhuirí, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit;
- na Ballstáit a choinneáil ar an eolas maidir leis an gcuspóir nua Interreg-shonrach maidir le *rialachas comhair níos fearr* a bheith á úsáid agus á chur chun feidhme faoi chláir Interreg, agus aird ar leith á tabhairt ar acmhainn na ngeallsealbhóirí trasteorann comhar níos dlúithe a fhorbairt.

---